

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú)

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Iúil 2019

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA

TABHAIR FAOI DEARA AN MÉID SEO A LEANAS SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM SEO:

1. FAISNÉIS ÉIGEANTACH

Tá dhá chuid san fhoirm iarratais seo. Tá codanna ina n-éilítear faisnéis éigeantach i gCuid 1 – tá na codanna seo aibhsithe agus ní mór iad a chomhlánú. Maidir le Cuid 2, féach (4) thíos. Tabhair faoi deara freisin, le do thoil, go bhfuil Ceist 27 éigeantach.

Beidh d'iarratas neamhbhailí mura líonfaidh tú codanna éigeantacha na foirme seo, nó mura mbeidh na cáipéisí riachtanacha ceangailte léi, nó má chuireann tú faisnéis mhícheart uirthi, nó má fhágann tú faisnéis riachtanach ar lár. Dá bhrí sin, cinntigh le do thoil go bhfuil gach cuid éigeantach den fhoirm iarratais seo líonta go hiomlán agus sínithe, go bhfuil N/B (ní bhaineann le hábhar) curtha isteach nuair is cuí agus go bhfuil na cáipéisí riachtanacha uile ceangailte le d'fhoirm iarratais.

Chun an baol go mbeadh d'iarratas pleanála neamhbhailí a laghdú, moltar duit an seicliosta bailíochtaíthe a líonadh agus d'ainm a chur leis sula gcuirfidh tú d'iarratas pleanála isteach.

2. FAISNÉIS BHREISE

Ní mór a thabhairt faoi deara, ó tharla go bhfuil a phlean forbartha féin ag gach údarás pleanála, plean ina leagtar amach beartais agus cuspóirí forbartha áitiúla dá cheantar féin, go gcaithfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faisnéis bhreise a iarraidh (i.e. faisnéis nach faisnéis éigeantach í) lena chinneadh cé acu an gcloíonn an t-iarratas leis an bplean forbartha nó nach gcloíonn.

Cé nach mbeidh d'iarratas pleanála neamhbhailí mura gcuirfidh tú an fhaisnéis bhreise ar fáil, d'fhéadfadh sé moill a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta nó a bheith mar chúis le diúltú ceada. I gcás amhrais, ba chóir d'iarratasóirí dul i dteagmháil le Roinn Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun a fháil amach céard iad na beartais agus cuspóirí áitiúla a bhainfeadh leis an bhforbairt bheartaithe agus an mbeidh faisnéis bhreise ag teastáil.

3. TÁ SÉ AN-TÁBHACHTACH AN MÉID SEO A LEANAS A THABHAIRT FAOI DEARA:

- (a) má thugtar cead pleanála, ní bhaineann sé sin an fhreagracht den fhorbróir cloí le haon riachtanais faoi chóid reachtaíochta eile a bhaineann leis an togra, agus
- (b) ní bheidh duine i dteideal aon forbairt a dhéanamh ar bhonn cead pleanála amháin

4. COSAINT SONRAÍ

Próiseas oscailte agus trédhearcach é an próiseas pleanála.

Cuirfead an cháipéisíocht iarratais pleanála, Breathnóireacht / Aighneachtaí, agus na liostaí pleanála seachtainiúla go léir ar fáil don phobal chun iad a iniúchadh ag oifigí na Comhairle agus ar láithreán gréasáin na Comhairle faoi Alt 38 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Próiseáiltear an fhaisnéis seo i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus cuirtear ar fáil í don Bhord Pleanála i gcás achomhairc faoi Alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, Acht 2000, arna leasú.

Tá 2 eisceacht ann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil don phobal agus an Bord Pleanála (comhad páipéir nó láithreán gréasáin): -

- Cuid 2 den fhoirm iarratais pleanála
- Seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha gutháin Breathnóireachta/Aighneachtaí

Má tá tú sásta margaíocht dhíreach a fháil, cuir tic sa bhosca seo le do thoil.

Féadfar margaíocht dhíreach a dhéanamh tríd an bpost, ar an nguthán, de lámh nó trí ríomhphost nó téacsteachtairacht i gcás go gcuirfead na sonraí sin ar fáil.

Tá sé de fhreagracht ar na haonáin ar mian leo na sonraí pearsanta ar iarratais phleanála agus ar liostaí cinntí a úsáid i gcomhair margaíocht dhíreach a bheith sásta gur féidir leo é sin a dhéanamh go dlisteanach faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 ag cur na rogha thuas san áireamh.



FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA – Cuid 1

Don Oifig Amháin		Uimhir an Phlean:		
Seiceáilte ag:		Comhaid stairiúla:		An dáta a bhfuarthas
Uimhir Admhála				
Méid	€			

LÉIGH NA TREORACHA SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM – NÍ MÓR NA CEISTEANNA UILE A FHREAGAIRT

1. Cineál iarratais:

Cead

Cead Imlíne

Cead Coinneála

Cead de bhun Cead Imlíne

Cuir X sa bhosca cúí.

Má tá tú ag cur isteach ar chead de bhun cead imlíne, luaigh Uimhir Phlean an cheada imlíne.

2. Seoladh poist an láithreáin nó an fhoirgnimh (mura bhfuil a leithéid ann, déan cur síos ar leor é chun é a shainaithint):

3. Ainm iomlán an iarratasóra (ní an gníomhaire). Tabhair do d'aire nach nglacfar le túslitreacha.

Seoladh le soláthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 27)

4. I gcás gur cuideachta é an t-iarratasóir atá cláráithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963–1999, luaigh na nithe seo a leanas, le do thoil:

Seoladh cláráithe na cuideachta:

Uimhir chláráithe na cuideachta:

Ainmneacha stiúrthóirí na cuideachta:

5. An duine/gníomhaire atá ag gníomhú ar son an iarratasóra (más ann)

Seoladh le soláthar ag deireadh na foirme seo (Ceist 28)

6. Cuntas gearr ar chineál agus méid na forbartha molta, lena n-áirítear tagairt do líon agus airde na bhfoirgneamh, déanmhais chosanta etc. de réir mar is cuí.
(Ba chóir go mbeadh sé seo ag teacht leis an bhfoclaíocht san fhógra nuachtáin agus san fhógra láithreáin.)

7. (a) Luaigh leas dlíthiúil nó eastát an iarratasóra sa láithreán (i.e. ruíleas, léasacht, etc.):

- (b) Murab é an t-iarratasóir úinéir na talún, tabhair ainm agus seoladh an úinéara agus cuir fianaise cháipéiseach faoi iamh a léiríonn toiliú an úinéara leis an iarratas a dhéanamh. 8

* **Má tá Leas Léasachta ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an iarratasóir sa réadmhaoin/láithreán, ní mór litir thoilithe i scríbhinn chun an t-iarratas a dhéanamh a fháil ón Roinn Forbartha. (Déan teagmháil, le do thoil, leis an Roinn Forbartha, Bloc 3, Urlár 2 – Guthán: 01 2222911)**

8. I gcás na bhfoirgneamh REATHA le bheith coinnte ar an láithreán, luaigh na nithe seo a leanas:

Seoladh	Urlár	Úsáid(i) reatha nó úsáid roimhe seo i gcás ina bhfuil cead coinneála á lorg (nó úsáid(i) an uair dheireanach a bhí sé in úsáid – ba chóir an dáta ar críochnaíodh an úsáid dheireanach a chur in iúl)	Achar gach úsáide (m ²)	Úsáid(i) b(h)eartaithe nó úsáid(i) a bheartaítear a choinneáil	Achar gach úsáide (m ²)

9. (i) An bhfuil scartáil, scartáil pháirteach nó athrú ar úsáid aon tí ináitrithe* nó cuid de i gceist leis an togra?

- (ii) An bhfuil scartáil foirgnimh atá mar chuid de shraith neamhscoite foirgneamh nó atá i dteagmháil le foirgneamh eile atá faoi úinéireacht ar leithligh i gceist leis an togra?

- (iii) I gcás teach ináitrithe*, luaigh an bhfuil sé gafa agus tabhair sonraí na seilbhe:

* Is éard is “teach ináirithe” ann foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh

- (a) a úsáidtear mar theaghais nó
(b) nach bhfuil in úsáid ach a bhí, nuair a úsáideadh go deireanach é, gan aird a thabhairt ar aon úsáid neamhúdairithe, á úsáid mar theaghais, nó
(c) a cuireadh ar fáil lena úsáid mar theaghais ach nár áitíodh

10. I gcás gach cineáil forbartha, luaigh na nithe seo a leanas, le do thoil:

(a) Achar iomlán an láithreáin

m²

(b) Achar urláir* na bhfoirgneamh a bheartaítear a choinneáil laistigh den láithreán

m²

(c) Achar urláir* na bhfoirgneamh nua a bheartaítear a thógáil laistigh den fhorbairt

m²

(d) (i) Achar urláir iomlán* na forbartha beartaithe (i.e. nua agus coinnithe)

m²

(ii) I gcás síntí cónaitheacha atá ann cheana féin, díolmhaithe nó gan a bheith díolmhaithe, luaigh an t-achar urláir le do thoil

m²

(e) Achar urláir* na bhfoirgneamh atá le scartáil

m²

(f) Achar urláir neamhchónaitheach iomlán*

m²

(g) Cóimheas lota beartaithe

(h) Cumhdach láithreáin beartaithe

11. Má tá soláthar áiseanna cúraim leanaí/naíolainne i gceist sa togra, luaigh na nithe seo a leanas, le do thoil:

Líon na leanaí a dtabharfar aire dóibh

Achar urláir iomlán*

m²

12. I gcás forbairtí cónaitheacha, cuir an fhaisnéis seo a leanas ar fáil, le do thoil:

Líon an Sceideal ar leith go soiléir le do thoil agus tabhair an t-achar urláir iomlán atá i ngach cineál aonaid chónaitheach ar leith.

(a) Miondealú ar an meascán cónaitheach:

Líon	Stiúideo/ Cónaí agus obair	Árasán muintire	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	4 + Leaba	Iomlán
Tithe								
Árasáin								
Líon na spásanna páirceála atá le cur ar fáil								

(b) Glan-achar urláir iomlán**

(c) Oll-achar urláir iomlán*

* Oll-achar urláir i.e. an t-achar urláir iomlán ar gach urlár tomhaiste ón taobh istigh de na ballaí seachtracha

** Oll-achar urláir lúide limistéir chúrsaíochta chomhchoiteanna

13. Más forbairt mheasctha í (e.g. cónaitheach, tráchtála, tionsclaíoch etc.), tabhair miondealú ar na haicmí éagsúla forbartha agus miondealú ar oll-achar urláir gach aicme forbartha:

Aicme Forbartha	Oll-achar urláir ina m ²

14. Táille Iníoctha

€

Bunús an áirimh:

Uimhir na hAicme	Ríomh	Méid	Uimhir na hAicme	Ríomh	Méid
		€			€
		€			€

Má táthar ag éileamh díolúine ó íoc táillí, ní mór fianaise a chur isteach chun incháilitheacht nó díolúine de réir Airteagal 157 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) a chruthú.

Leagtar aicmí na dtáillí amach sna Nótaí Míniúcháin

15. An nuachtán faofa inar foilsíodh an fógra

Dáta an fhoilsithe

Dáta ar cuireadh an fógra/na fógraí láithreáin in airde:

16. TITHÍOCHT SHÓISIALTA AGUS TITHÍOCHT INCHEANNAITHE

Cuir tic sa bhosca cuí.

TÁ

NÍL

An bhfuil feidhm ag Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) maidir leis an iarratas seo?

Má tá agus mura bhfuil an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos), ní mór duit, mar chuid de d'iarratas, sonraí a sholáthar faoin modh ina mbeartaíonn tú Alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh, lena n-áirítear, mar shampla,

- (i) sonraí faoi chuid nó codanna den talamh atá faoi réir an iarratais ar chead nó atá sonraithe sa chomhaontú faoi Chuid V, nó tithe atá ar thalamh den sórt thuasluaite nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú go dtí an t-údarás pleanála, nó sonraí faoi thithe atá ar thalamh den sórt thuasluaite nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bhfuil sé beartaithe iad a ligean ar léas leis an údarás pleanála, nó sonraí faoi aon mheascán dá bhfuil luaite thuas, agus
- (ii) sonraí faoin modheolaíocht chun ríomh a dhéanamh ar luachanna talún, ar chostais láithreáin, ar ghnáthchostais tógála agus forbartha agus brabús ar na costais sin agus ar chostais ghaolmhara eile, cuir i gcás sciar cuí d'aon chomhoibreacha forbartha mar a éilítear chun na forálacha i gCuid V den Acht a chomhlíonadh.

Más é “tá” an freagra ar an gceist thuas ach go measann tú an fhorbairt a bheith díolmhaithe de bhua Alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ní mór cóip den Deimhniú Díolúine faoi Alt 97 a chur isteach (nó, i gcás ina ndearnadh iarratas ar Dheimhniú Díolúine ach gan cinneadh a bheith glactha go fóill, is cóir cóip den iarratas a chur isteach).

Más é “níl” an freagra ar an gceist thuas de bhua Alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is cóir sonraí a léiríonn an bunús lena meastar feidhm a bheith ag Alt 96(13) maidir leis an bhforbairt bheartaithe a chur isteach.

17. (i) An bhfuil DÉANMHAS COSANTA (agus/nó a chúirtealáiste) nó DÉANMHAS COSANTA beartaithe (agus/nó a chúirtealáiste) i gceist san fhorbairt?

Tá

Níl

Cuir X sa bhosca cuí

(Má tá, ní mór don fhógra nuachtáin agus láithreáin é sin a thabhairt le fios).

(ii) An é atá san fhorbairt bheartaithe obair ar an taobh amuigh de dhéanmhas atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta?

Is é

Ní hé

*Cuir X sa bhosca cuí***18. (a) An bhfuil tú ar an eolas faoi iarratais phleanála bhailí ar bith a rinneadh roimhe seo maidir leis an talamh/déanmhas seo?**

Tá

Níl

Cuir X sa bhosca cuí

Má tá, luaigh, le do thoil, an uimhir thagartha phleanála nó na huimhreacha tagartha pleanála agus an dáta nó na dátaí ar a bhfuair an tÚdarás Pleanála an t-iarratas pleanála nó na hiarratais phleanála (más eol duit iad)

Uimhir Thagartha/Uimhreacha Tagartha

Dáta(i)

Má rinneadh iarratas pleanála bailí maidir leis an talamh nó an déanmhas seo sna sé mhí sular cuireadh an t-iarratas pleanála seo isteach, ní mór an fógra suímh a bheith ar chúlra buí de réir Airteagal 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú).

(b) An bhfuil suíomh an togra faoi réir achomharc reatha chuig an mBord Pleanála maidir le forbairt den chineál céanna?

Tá

Níl

Cuir X sa bhosca cuí

Má tá, tabhair Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála le do thoil:

19. SONRAÍ NA FORBARTHA

Cuir tic sa bhosca cuí, le do thoil	✓	X
An mbaineann an t-iarratas le forbairt a dhéanann difear do shéadchomhartha nó áit atá taifeadta faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994, nó atá i ngar dó/dí?		
An gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta a ullmhú le haghaidh na forbartha beartaithe? <i>(Más gá, ní mór don fhógra nuachtáin agus láithreáin é sin a thabhairt le fios).</i>		
An mbaineann an t-iarratas le hobair laistigh de nó gar do Shuíomh Eorpach (faoi I.R. Uimh. 94 de 1997) nó Limistéar Oidhreacht Nádurtha?		
An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn gníomhaíocht a bhfuil gá le Ceadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruaillíú ina leith nó ar chun críocha gníomhaíocht den sórt sin í? <i>(Má bhaineann, ní mór don fhógra nuachtáin agus láithreáin é sin a thabhairt le fios).</i>		
An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn gníomhaíocht a bhfuil gá le Ceadúnas Dramhaíola ina leith nó ar chun críocha gníomhaíocht den sórt sin í? <i>(Má bhaineann, ní mór don fhógra nuachtáin agus láithreáin é sin a thabhairt le fios).</i>		
An bhfuil feidhm ag na Rialacháin um Mórthionóiscí maidir leis an bhforbairt bheartaithe?		
An bhfuil an láithreán taobh istigh de chrios ar díol spéise é ó thaobh na seandálaíochta de?		
An mbaineann an t-iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí? <i>(Má bhaineann, ní mór don fhógra nuachtáin agus láithreáin é sin a thabhairt le fios).</i>		

20. STAIR AN LÁITHREÁIN

Sonraí maidir le stair an láithreáin (más eol)

Go bhfios duit, an raibh an láithreán atá i gceist faoi thuile riamh?

Bhí [] Ní raibh []

Má bhí, tabhair sonraí le do thoil, e.g. bliain, cé chomh dona is a bhí sé.

An bhfuil tú ar an eolas faoi úsáid a baineadh as an láithreán roimhe seo, e.g. dumpáil nó cairéalú?

Tá [] Níl []

Má tá, tabhair sonraí le do thoil.

21. An bhfuil feidhm ag aon **fhógraí reachtúla** maidir leis an láithreán/foirgneamh faoi láthair? (e.g. Sábháilteacht Dóiteáin, Forfheidhmiú, Foirgnimh Chontúirteacha, Láithreáin Thréigthe, Rialú Foirgníochta, etc.)

Tá Níl *Cuir X sa bhosca cuí*
Má **tá**, tabhair sonraí le do thoil:

22. Ar tharla Comhchomhairliúchán Réamhphleanála de réir **Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)** i ndáil leis an iarratas seo?

Tharla Níor tharla *Cuir X sa bhosca cuí*

Má **tharla**, luaigh dáta an chruinnithe le do thoil

NÓTA: Ná cuir tic sa bhosca 'Tharla' murar tharla cruinniú foirmiúil le hOifigeach Pleanála Limistéir

23. An bhfuil sé i gceist go nglacfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aon chuid den forbairt bheartaithe faoina gcúram?

Tá Níl *Cuir X sa bhosca cuí*

Má **tá**, ceangail plean den láithreán a léiríonn go soiléir an limistéar/na limistéir a bhfuil sé i gceist go nglacfaidh siad faoina gcúram iad.

24. Foinse an tsoláthair uisce atá beartaithe a úsáid

Nasc atá ann cheana féin [] Nasc nua ón bpríomhphíopa [] Tobar príobháideach []

Uisce liath nó athchúrsáilte []

Foinse eile (sonraigh le do thoil) _____

I gcás forbairtí nach forbairtí teaghlaigh iad

An sreabhadh laethúil beartaithe i méadair chiúbacha _____ m³/lá

An buaicshreabhadh beartaithe i lítir/soicind _____ l/s

25. An córas draenála atá beartaithe

Ní mór déileáil le gach mír ar an mbileog "Drainage Requirements for Planning Applications" mar chuid den iarratas pleanála seo. Tá an bhileog seo le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

(<https://www.dublincity.ie/sites/default/files/content/WaterWasteEnvironment/WasteWater/Drainage/Documents/GeneralDrainageRequirementsatpreplanningstage.pdf>).

Ba chóir iad seo a leanas a chur isteach freisin mar chuid den aighneacht draenála:

(a) Líníochtaí mionchruinne den chóras draenála le haghaidh na forbartha atá beartaithe

(b) An bhileog um thaifid ar dhraenáil phoiblí i gcomhair an láithreáin (déan teagmháil leis an Rannán Draenála, Bloc 1, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, Baile Átha Cliath 8, guthán 01-2222155)

26. Ainm agus seoladh an duine nó an ghnólachta atá freagrach as na líníochtaí a ullmhú:

Dearbhaímse, a bhfuil m'ainm thíos, leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo ceart agus cruinn agus go gcomhlíonann sí an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin a rinneadh faoi sin go huile agus go hiomlán.

**Síniú an iarratasóra
(nó a g(h)níomhaire)**

Dáta

SONRAÍ TEAGMHÁLA **FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA – Cuid 2**

TÁBHACHTACH: Ní mór Cuid 2 den fhoirm iarratais a chur isteach ar leathanach eile ar fad i gcónaí ó tharla nach cuid den chomhad poiblí í an fhaisnéis seo.

27. Seoladh/sonraí teagmhála an iarratasóra:

Seoladh (tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil seoladh ‘faoi chúram’ inghlactha):

Seoladh ríomhphoist: _____

Uimhir ghutháin (roghnach): _____

28. Seoladh/sonraí teagmhála an ghníomhaire (más ann):

Seoladh: _____

Seoladh ríomhphoist: _____

Uimhir ghutháin (roghnach): _____ Uimhir facs (roghnach): _____

Ar chóir an comhfhreagras ar fad a sheoladh chuig seoladh an ghníomhaire (más infheidhme)?

Cuir tic sa bhosca cúí. (Tabhair faoi deara, le do thoil, go seolfar an comhfhreagras ar fad chuig seoladh an iarratasóra má thugtar ‘Níor chóir’ mar fhreagra ar an gceist seo).

Ba chóir [] Níor chóir []

Ní mór seoladh teagmhála a sholáthar, seoladh an iarratasóra nó seoladh an ghníomhaire.